

An Bhruiséil, 8 Iúil 2026
(OR. en)

11376/26
ADD 1

AGRI 560
AGRIORG 90
AGRIFIN 138
AGRISTR 38
ENV 921
POLCOM 275
VETER 115

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	7 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 576 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Straitéis an Aontais Eorpaigh um beostoc

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 576 annex.

Faoi iamh: COM(2026) 576 annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 7.7.2026
COM(2026) 576 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG
COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE
NA RÉIGIÚN**

Straitéis an Aontais Eorpaigh um beostoc

{SWD(2026) 576 final}

IARSCRÍBHINN: Príomhghníomhaíochtaí an Choimisiúin

Chun go n-éireoidh le straitéis maidir le beostoc, cuirfidh an Coimisiún na **príomhghníomhaíochtaí** seo a leanas i gcrích. Beidh an **sruth oibre beostoic** ag gabháil le cur chun feidhme na straitéise, agus leanfaidh sé de bheith ina fhóram chun smaointe agus dea-chleachtais a mhalartú.

Chun an straitéis a bhaint amach ina hiomláine, beidh ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun na huirlisí ábhartha a thairiscint, agus beidh ar pháirtithe leasmhara na deiseanna a chuirtear ar fáil a thapú. **Ní mór do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara leanúint d'infheistíocht a dhéanamh chun an earnáil beostoic a dhéanamh athléimneach, iomaíoch, inbhuanaithe, oiriúnach ó thaobh críche de agus barr feabhais a bhaint amach.**

Gníomhaíochtaí le haghaidh earnáil beostoic athléimneach atá in ann géarchéimeanna a sheasamh
--

1. Oibriú le hinstitiúidí airgeadais, lena n-áirítear an Banc Eorpach Infheistíochta, chun féachaint an bhféadfaí **scéim airgeadais thiomnaithe bainistithe riosca a fhorbairt faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil tar éis 2027**, lena gcumhdófaí riachtanais árachais agus athárachais a bhaineann leis an aeráid agus lena leathnófar tacaíocht chun rioscaí a bhaineann le galair ainmhithe a chumhdach.
2. Gnéithe agus riachtanais ábhartha bainistithe riosca a áireamh sna **moltaí faoin gComhbheartas Talmhaíochta** do na Ballstáit le haghaidh a bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí.
3. Maoiniú leordhóthanach a áirithiú chun galair ainmhithe agus zónóisí a **chosc, a fhaire**, a rialú agus a **dhíothú, go háirithe le haghaidh bearta éigeandála i gcás ráigeanna móra**.
4. **Lámhleabhar** a ullmhú **ina mbeidh treoshuíomhanna praiticiúla do na Ballstáit maidir le bainistiú riosca**, agus leas á bhaint as saineolas an Aontais agus as saineolas idirnáisiúnta. **Malartú dea-chleachtas** a chur chun cinn trí Ardán Beostoic chun idirphlé agus scaipeadh na gceachtanna a foghlaimíodh ar fud na mBallstát a éascú.
5. **Athbhreithniú** a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil **an córas catagóirithe galar ainmhithe atá ann faoi láthair** fós oiriúnach dá fheidhm agus cé acu a dtugann nó nach dtugann na **critéir catagóirithe galar** aghaidh go leordhóthanach ar dhúshlán shonracha. Nuashonruithe ar an reachtaíocht a mholadh i gcomhréir leis na forbairtí eolaíocha agus na caighdeáin idirnáisiúnta is déanaí arna leagan síos ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) agus rialacha cur chun feidhme a ghlacadh chun róil agus freagrachtaí a shoiléiriú.
6. Tacú le **húsáid níos leithne agus eolaíochtbhunaithe a bhaint as vacsaíniú próifíolacsach** agus a mheas an bhfuil na rialacha agus na prionsabail vacsaínithe atá ann faoi láthair fós iomchuí. **Treoir** a fhorbairt **maidir le vacsaíniú a chur i bhfeidhm** mar aon le réigiúnú agus roinnt i ndeighleoga, agus leanúint do thacú le **haitheantas a fháil do chur chuige réigiúnaithe an Aontais le comhpháirtithe trádála**. .

7. **Féachaint ar bhealaí chun córais luathrabhaidh**, uirlisí braite digiteacha agus bealaí faisnéise d’fheirmeoirí **a fheabhsú agus a mhaoiniú**.
8. **Tacú le taighde, nuálaíocht agus malartú eolais** chun dlús a chur le cur in úsáid réiteach feirmeoireachta athléimneach. Na riachtanais a bhaineann le beostoc sa teachtaireacht “Cur chuige straitéiseach nua maidir le taighde agus nuálaíocht Agri2040 agus Bia 2040” a chlúdach.

Gníomhaíochtaí le haghaidh earnáil iomaíoch beostoic ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda

9. Machnamh a dhéanamh ar **ionstraim airgeadais thiomnaithe fhéideartha** don earnáil beostoic chun an bhearna mhaoiniúcháin le haghaidh infheistíochtaí san aistriú chuig **leibhéil níos airde inbhuanaitheachta agus leasa ainmhithe** a dhúnadh.
10. Féachaint, i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, **ar rochtain fhabhrach ar iasachtaí d’fheirmeoirí atá i mbun aistriú chuig córais atá saor ó chaighin**.
11. Leanúint le **nósanna imeachta ceadúnaithe** a éascú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear chun deireadh a chur le cásanna de réir a chéile.
12. Tacú le ciorclaíocht, bithgheilleagar agus luacháil bithmhaise agus iad a éascú. Measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir gníomhaíochtaí bithgheilleagair agus luachshocrú fotháirgí a chomhtháthú in obair **Fhaireachlann an Aontais um an slabhra agraibhia**.
13. Déan iarracht caighdeáin do tháirgí allmhairithe a ailíniú ar mhaithe le leas ainmhithe agus a chinntiú go ndéantar rialacha sábháilteachta bia an Aontais a fhorfheidhmiú go docht. Páirt a ghlacadh i **dtaidhleoireacht thiomnaithe agraibhia**, feabhas a chur ar **mhisin ardleibhéil** agus **bearta cur chun cinn** chun deiseanna nua margaidh a chur ar fáil d’onnmhairí Eorpacha.
14. **Simpliú breise ar an reachtaíocht agraibhia a shaothrú agus úsáid níos fearr a bhaint as forálacha solúbthachta atá ann cheana**, lena n-áirítear maidir le reachtaíocht i dtaca le seachtháirgí ainmhithe agus creat sláinteachais an Aontais. **Idirphlé cur chun feidhme** a reáchtáil in R4 2026 maidir leis an gcreat dlíthiúil beatha.

Gníomhaíochtaí le haghaidh earnáil beostoic inbhuanaithe

15. **Comhar a chur chun cinn ar fud an bhiashlabhra** chun tacú le cuspóirí inbhuanaitheachta agus socheacnamaíocha.
16. Faoi dheireadh 2026, **athbhreithniú spriocdhírithe a mholadh ar rialacha maidir le leas ainmhithe le haghaidh béaróg agus sicíní lena ramhrú**, lena ndíreofar ar dheireadh a chur de réir a chéile le cásanna, táscairí praiticiúla leasa ar an bhfeirm, deireadh a chur le marú córasach sicíní fireanna agus ceanglais allmhairiúcháin choibhéiseacha atá EDT-chomhlíontach a thabhairt isteach.
17. Faoi R2 de 2027, **athbhreithniú spriocdhírithe a mholadh ar rialacha maidir le leas ainmhithe le haghaidh muc**, lena n-áirítear an t-aistriú ó chliathbhoscaí go córais

loca, táscairí leasa praiticiúla ar an bhfeirm, agus lena dtugtar isteach ceanglais choibhéiseacha allmhairiúcháin atá i gcomhréir le rialacha EDT.

18. Malartú dlúth a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha, leis an tsochaí shibhialta agus le tríú tíortha cinn scríbe agus, ag brath ar thoradh na malartuithe sin, machnamh a dhéanamh ar chéimeanna breise, lena n-áirítear roghanna malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar **onnmhairiú ainmhithe lena marú ón Aontas chuig tríú tíortha**, agus suíomhanna margaidh tháirgeoirí beostoic na hEorpa á gcoinneáil ar bun an tráth céanna.
19. **Modheolaíocht chomhchuibhithe a fhorbairt le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa beostoic ar leibhéal na feirme** agus uirlisí faireacháin a chur chun cinn lena léirítear ar bhealach níos fearr bearta a chuirtear chun feidhme ar leibhéal na feirme agus atá níos oiriúnaithe do riachtanais earnáil beostoic an Aontais. Malartú maidir le **cleachtais tomhais agus maolaithe le comhpháirtithe domhanda** tríd an nGealltanais Domhanda maidir le Meatán agus trí thionscnaimh ghaolmhara. Measúnú a dhéanamh ar laghduithe ar astaíochtaí beostoic a áireamh sa rialachán maidir le hAistrithe Carbóin agus Feirmeoireacht Carbóin.
20. Agus moltaí CBT á n-eisiúint amach anseo, iarraidh ar na Ballstáit tacú leis an mbrú comhshaoil a laghdú, lena n-áirítear brú ó chothaithigh i limistéir ina bhfuil méid ard beostoic.
21. **Ardán Beostoic** a thógáil ina mbeidh **stór cuimsitheach de réitigh chruthaithe** maidir leis an aeráid, an comhshaoil agus leas ainmhithe faoi 2027.
22. I mí Mheán Fómhair 2026, próiseas a sheoladh chun **acmhainneacht dea-chleachtas agus simpliúcháin a shainaithint** i gcur chun feidhme na Treorach maidir le Níotráití, go háirithe maidir le cleachtais feirmeoireachta féilire, cleachtais beostoic inbhuanaithe áirithe agus bainistiú cothaitheach ar leibhéal na feirme, arna gcur in oiriúint do chúinsí áitiúla. I gcomhthéacs an CBT a bheidh ann amach anseo, iarrtar ar na Ballstáit úsáid a bhaint as na huirlisí atá ar fáil chun tacú le feirmeoirí an brú ó chothaithigh ar an gcomhshaoil a laghdú i limistéir ina bhfuil méid ard beostoic.
23. Faoi dheireadh 2026, tuarascáil a fhoilsiú ina ndéanfar **tástáil struis ar rialacha na Treorach maidir le hÉin agus na Treorach maidir le Gnáthóga**.
24. Faoi R3 2026, an chéad mheasúnú a chur i láthair ar an ngníomhaíocht chun **gníomh RENURE a leathnú** le haghaidh cineálacha áirithe díleáiteán leachtach atá bunaithe ar aoileach le coimircí comhshaoil iomchuí.
25. Treochlár tiomnaithe a fhorbairt chun **cúrsaíocht níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe cothaitheach a chumasú ar fud an Aontais**.

Gníomhaíochtaí le haghaidh earnáil beostoic a oireann d'éagsúlacht chríochach na hEorpa
--

26. Plean a fhorbairt maidir le conas **aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na réigiún atá i mbaol a dtréigthe** agus é mar aidhm leis **táirgeadh beostoic inbhuanaithe a thabhairt ar ais, i gcomhar leis an obair ar an bhFaireachlann um an Talamh**.

27. Treochlár a fhorbairt maidir le seamlais, ina scrúdófar conas a láithreacht i gceantair thuaithe a chothú.

Gníomhaíochtaí chun barr feabhais i dtáirgeadh beostoic a chothú

28. **Ról fhaisnéis tionscnaimh an Aontais a neartú** i gcaighdeáin mhargaíochta beostoic agus i lipéadú beostoic.
29. Scéim Barr Feabhais Eorpaigh a fhorbairt chun **na caighdeáin níos airde** agus saintréithe sonracha tháirgeadh beostoic an Aontais **a luachshocrú trí théarmaí roghnacha forchoimeádta** faoi gcomheagrú na margaí talmhaíochta, lena n-áirítear critéir chun **córais táirgthe beostoic ísealcharbóin, neamhdhíobhálach don chomhshaol, foinsithe go háitiúil agus ardleasa a aithint.**
30. Féachaint ar bhealaí chun **tréithe cáilíochta beostoic a aithint agus a chur in iúl ar bhealach níos fearr** thar na critéir aicmithe conablach atá ann faoi láthair.
31. Machnamh a dhéanamh ar íon speisialta faoi bheartas chur chun cinn an Aontais chun **cáilíocht, inbhuanaitheacht, ardchaighdeáin leasa agus bonn críochach tháirgí beostoic an Aontais a chur i dtábhacht** i margaí inmheánacha agus seachtracha araon.
32. Leanúint de thacaíocht a thabhairt do **ghlacadh, cur chun cinn agus cosaint tásc geografach agus táirgthe orgánaigh.** Athbhreithniú a dhéanamh ar **phlean gníomhaíochta orgánach an Aontais agus ar phlean gníomhaíochta na dTásc Geografach.**